2026/1211

2.6.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1211 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Meitheamh 2026

lena leasaítear den 357ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1)(a) agus Airteagal 7a(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 liostaítear na daoine, na grúpaí agus na heintitis a chumhdaítear leis an reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.

(2) An 21 Bealtaine 2026, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe de bhun Rúin 1267(1999), 1989(2011) agus 2253(2015) seacht n-iontráil a bhaint de liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag na bearta sriantacha maidir leo.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Meitheamh 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Thar ceann an Uachtaráin

An tArd-Stiúrthóir
An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

([1]) IO L 139, 29.5.2002, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/881/oj.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002, scriostar na hiontrálacha seo a leanas faoin gceannteideal 'Daoine nádúrtha':

(1) 'Majeed Abdul Chaudhry (ainm bréige láidir: (a) Majeed, Abdul, (b) Majeed Chaudhry Abdul, (c) Majid, Abdul); Dáta breithe: (a) 15.4.1939; (b) 1938. Náisiúntacht: Pacastánach. Faisnéis eile: Marbh de réir tuairiscí. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 24.12.2001.'

(2) 'Mohammed Tufail (ainm bréige láidir: (a) Tufail, S.M., (b) Tufail, Sheik Mohammed). Dáta breithe: 5.5.1930. Náisiúntacht: Pacastánach. Faisnéis eile: (a) Bhí sé ina stiúrthóir ar Ummah Tameer e-Nau (UTN); (b) Marbh de réir tuairiscí. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 24.12.2001.'

(3) 'MUSTAFA HAJJI MUHAMMAD KHAN (sa bhunchló: مصطفى حجي محمد خان) Ainm bréige láidir: (a) حسن غول (Hassan Ghul; Hassan Gul; Hasan Gul), (b) Khalid Mahmud Ainm bréige lag: (a) Ahmad Shahji, (b) Mustafa Muhammad, (c) Abu Gharib al-Madani, (d) أبو شيماء (Abu-Shaima; Abu-Shayma). Dáta breithe: (a) (Idir mí Lúnasa agus mí Mheán Fómhair 1977) (b) 1976. Áit bhreithe: (a) Al-Madinah, an Araib Shádach, (b) Sangrar, Cúige Sindh, an Phacastáin. Náisiúntacht: (a) an Phacastáin, (b) an Araib Shádach. Faisnéis eile: Éascaitheoir, cúiréir agus oibrí Al-Qaida. Ó 2010, d'éascaigh sé gníomhaíochtaí le haghaidh oibrithe sinsearacha Al-Qaida a bhí lonnaithe sa Phacastáin. Tuairiscíodh gur maraíodh é in ionsaí ladrainn an 1 Deireadh Fómhair 2012 in Waziristan na Pacastáine. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2), pointe (i): 14.3.2012.'

(4) 'Hafiz Abdul Salam Bhuttavi (ainm bréige láidir: (a) Hafiz Abdul Salam Bhattvi, (b) Hafiz Abdusalam Budvi, (c) Hafiz Abdussalaam Bhutvi, (d) Abdul Salam Budvi, (e) Abdul Salam Bhattwi, (f) Abdul Salam Bhutvi, (g) Mullah Abdul Salaam Bhattvi, (h) Molvi Abdursalam Bhattvi). Teideal: (a) Maulavi, (b) Mullah. Dáta breithe: 1940. Áit bhreithe: Gujranwala, Cúige Phuinseáb, an Phacastáin. Náisiúntacht: Pacastánach. Faisnéis eile: (a) Comhalta bunaidh Lashkar-e-Tayyiba agus ionadaí cheannaire Lashkar-e-Tayyiba Hafiz Muhammad Saeed, (b) Deimhníodh go bhfuair bás. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 14.3.2012.'

(5) 'Aamir Ali Chaudhry (script bhunaidh: عامر علی چوہدری) (ainm bréige láidir: (a) Aamir Ali Chaudary, (b) Aamir Ali Choudry, (c) Amir Ali Chaudry; ainm bréige lag: (a) Huzaifa). Dáta breithe: 3.8.1986. Náisiúntacht: Pacastánach. Pasuimhir: BN 4196361 (Pasuimhir na Pacastáine arna heisiúint an 28.10.2008, a d'imigh in éag an 27.10.2013. Uimhir aitheantais náisiúnta: 33202-7126636-9 (an Phacastáin). Faisnéis eile: (a) Saineolaí leictreonaice agus pléascán le haghaidh Tehrik-e Taliban Pakistan (TTP); (b) Baint aige le pleanáil ionsaithe ar son TTP. Thug sé tacaíocht airgeadais agus lóistíochta do TTP agus ghlac sé páirt in oiliúint mhíleatach TTP-urraithe.; (c) Marbh de réir tuairiscí. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 18.10.2012.'

(6) 'Maulana Maulana Fazlullah (ainm bréige láidir: (a) Mullah Fazlullah, (b) Fazal Hayat; ainm bréige lag: Mullah Radio). Dáta breithe: 1974. Áit bhreithe: Sráidbhaile Kuza Bandai, Gleann Swat, Cúige Khyber Pakhtunkhawa, an Phacastáin. Seoladh: Réigiún na teorann idir an Afganastáin agus an Phacastáin. Faisnéis eile: (a) Deimhníodh go bhfuair bás an 13 Meitheamh 2018, (b) Ceannasaí Tehrik-e Taliban Pakistan (TTP) ó bhí an 7.11.2013 ann, (c) I gceannas ar an TTP áitiúil i ngleann iarthuaisceart Swat na Pacastáine ó 2007 go 2009. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 7.4.2015.'

(7) 'ABDUL REHMAN MAKKI (ainm bréige láidir: (a) Abdur Rehman Makki; (b) Abdur Rahman Makki; (c) Abdul Rahman Makki; (d) Hafiz Abdul Rahman Makki; (e) Hafiz Abdul Rehman Makki; (f) Hafiz Abdul Rehman). Dáta breithe: 10.12.1954. Áit bhreithe: Bahawalpur, Cúige Phuinseáb, an Phacastáin. Náisiúntacht: Pacastánach. Pasuimhir (a) CG9153881 (pas Pacastánach a eisíodh an 2.11.2007; (b) A5199819 (pas Pacastánach). Uimhir aitheantais náisiúnta (a) 6110111883885 (Pacastánach); (b) 34454009709 (Pacastánach). Seoladh: Tayyiba Markaz, Muridke, Cúige Phuinseáb, an Phacastáin. Faisnéis eile: Leas-Éimír/Leas-Cheannaire LASHKAR-E-TAYYIBA (LET) dá ngairtear freisin JAMAAT-UD-DAWA (JUD) agus an Ceann ar an Sciathán de JUD/LET a dhéileálann le Gnóthaí Polaitiúla. Chomh maith leis sin, bhí sé ina cheann ar roinn caidrimh eachtraigh LET agus ina chomhalta de Shura (an comhlacht rialaitheach). Deartháir céile Hafiz Muhammad Saeed, Ceannaire JUD/LET. Hafiz Abdullah Bahwalpuri is ainm dá athair. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 16.1.2023.'